Céimeanna Comparáide na hAidiachta

Athraítear aidiachtaí i nGaeilge i ndiaidh na bhfocal 'níos' agus 'is.' Amharc ar na rialacha a leanas:

Aidiachtaí a chríochnaíonn le *consan leathan* – cuir '*-i*' roimh an chonsan agus '*–e*' ag an deireadh.	Bán Dubh	níos báine níos duibhe	is báine is duibhe
Aidiachtaí a chríochnaíonn le *consan caol* – cuir '-e' ag an deireadh.	Ciúin Ionraic	níos ciúine níos ionraice	is ciúine is ionraice
Aidiachtaí a chríochnaíonn le *guta*–gan athrú.	Cliste Tanaí	níos cliste níos tanaí	is cliste is tanaí
Aidiachtaí a chríochnaíonn le *–ach* nó *–each* athraigh go *–aí* nó *–í.*	Cumhacht*ach* Dír*each*	níos cumhachtaí níos dírí	is cumhachtaí is dírí
Aidiachtaí a chríochnaíonn le *–úil* athraigh go *–úla.*	Dathúil	níos dathúla	is dathúla
Aidiachtaí a chríochnaíonn le *–aíoch* nó *–íoch* athraigh go *–aíche* nó *–íche.*	Iom*aíoch* Imn*íoch*	níos iomaíche níos imníche	is iomaíche is imníche

Céimeanna Comparáide na hAidiachta

Ní leanann na haidiachtaí seo na rialacha:

Aidiacht	Níos...	Is...
mór	mó	mó
beag	lú	lú
sean	sine	sine
maith	fearr	fearr
olc	measa	measa
te	teo	teo
deacair	deacra	deacra
furasta	fusa	fusa
deas	deise	deise
álainn	áille	áille
gearr	giorra	giorra
geal	gile	gile

Céimeanna Comparáide na hAidiachta

Líon isteach na bearnaí leis an fhocal chuí:

1. Sílim go bhfuil obair Ghaeilge i bhfad níos (deacair) _____ ná ábhar ar bith eile.
2. Is é mo bharúil gurb iad scrúduithe an GCSE an chuid is (furasta) _____ .
3. Caithfidh mé a rá go mbíonn an caidreamh idir na daltaí scoile agus na múinteoirí níos (cairdiúil) _____ agus níos (maith) _____ sa chúigiú bliain.
4. Is oth liom a rá go bhfuil obair an GCSE ar an obair is (trom) _____ i mo shaol.
5. Ar an drochuair, éiríonn leibhéal an bhrú níos (olc) _____ agus níos (strusmhar) _____ bliain i ndiaidh bliana.
6. Bhí mé ag dúil le *Breithiúnas* a léamh ach is é mo bharúil gurb é an dráma is (leadránach) _____ ar an domhan é.
7. Sílim féin go bhfuil na cailíní níos (glic) _____ ná mar a shíltear.
8. Feictear dom go bhfuil sí ar an duine is (lag) _____ sa scéal ach feictear ag deireadh an scéil go bhfuil sí i bhfad níos (láidir) _____ ná mar a síleadh ag an tús.
9. Is iad na fadhbanna sóisialta na fadhbanna is (coitianta) _____ i measc dhéagóirí an lae inniu.
10. Is minic a bhíonn seomraí ranga na scoile seo níos (te) _____ le linn an tsamhraidh ná mar a bhíonn sé sa gheimhreadh.
11. Dar liomsa, bíonn bialann na scoile ag éirí níos (gnóthach) _____ gach Aoine mar gheall ar na daltaí is (óg) _____.
12. Sílim féin go mbíonn daoine níos (dearfach) _____ faoin saol i rith an tsamhraidh.
13. Is iad na polaiteoirí na daoine is (diúltach) _____ ar an domhan i mo thuairim féin.
14. Bíonn níos (beag) _____ am saor againn sa séú bliain ach bíonn níos (mór) _____ ranganna saora againn agus caidreamh níos (cóngarach) _____ againn lenár gcairde.
15. Is cinnte go bhfuil an obair níos (tábhachtach) _____ i mbliana ná mar a bhí riamh, ach bíonn sé níos (dúshlánach) _____ agus níos (deacair) _____ chomh maith.

Céimeanna Comparáide na hAidiachta

Cuir Gaeilge ar na habairtí seo a leanas:

1. It is certain that the weather is getting ***worse*** year after year.
2. It seems that the streets of Belfast are becoming ***dirtier*** by the day.
3. The Environmental Minister thinks that the seasons will become ***harsher*** in years to come. (crua)
4. As a result of that, it will be ***colder*** and ***wetter*** in the winter and ***warmer*** and ***drier*** in the summer.
5. I can't wait for the days to become ***brighter*** in a few months.
6. There is no doubt that the streets are much ***nicer*** when there is no rubbish lying around.
7. Even though environmental problems are getting ***worse***, the weather is getting ***better***.
8. If people stop throwing rubbish, the area will be ***cleaner***.
9. People do ***more*** recycling to help with the environment.
10. According to the government, people who eat a balanced diet are healthier.